Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6460/25**

**SOC 89**
**EMPL 61**
**ECOFIN 192**
**EDUC 40**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht<br>- Formheas |

1. D'ullmhaigh an uachtaránacht na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025.

2. Cuireadh na dréachtchonclúidí sin i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 27 Feabhra 2025.

3. Ag an gcruinniú sin, d'iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí athruithe ar an téacs. Mhol siad go háirithe athruithe a dhéanamh i ndáil leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta. Chuir roinnt toscaireachtaí ina choinne sin.

4. Tar éis an phlé a rinneadh sa Mheitheal, chinn an Uachtaránacht an téacs a athrú, i mír 12 trí ‘athrú déimeagrafach’ a chur isteach ag deireadh na habairte. Ghlac na toscaireachtaí leis sin. Bhain an t-athrú eile le mír 17 agus leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta. An téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht i gcomhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn, níorbh fhéidir glacadh leis agus, dá bhrí sin, tionóladh cruinniú de chuid na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 3 Márta. Ag an gcruinniú sin, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le téacs mhír 17.

5. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCoiste na dréachtchonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) lena bhformheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 10 Márta 2025.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir le Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht**

1. AGUS Í AG CUR IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go raibh torthaí mhargadh an tsaothair fós láidir in 2023, agus gur shroich ráta fostaíochta an Aontais 75.3 % (suas 0.7 pointe céatadáin ó 2022)[1], an leibhéal is airde riamh, agus gur shroich ráta dífhostaíochta an Aontais 6.1 % (laghdú 0.1 pointe céatadáin ó 2022), an leibhéal is ísle riamh.[2] ÁGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI gurbh é lucht saothair a bhí ag dul i méid ba chúis le thart ar 90 % den mhéadú ar an bhfás fostaíochta in 2023, agus laghdú breise ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní go 10.2 pointe céatadáin (laghdú 0.5 pointe céatadáin ó 2022) san áireamh ansin.

2. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI in ainneoin fheidhmíocht láidir mhargadh saothair an Aontais, go dtuartar i Réamhaisnéis an Fhómhair ón gCoimisiún nach mbeidh fíorfhás OTI san Aontas ach ag 0.9 % in 2024, agus gur lean fás táirgiúlachta saothair de bheith ag laghdú go 0.7 % in 2023, i gcomparáid le meán bliantúil 0.8 % idir 2010 agus 2019 agus 1.4 % roimh 2007. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna i bhformhór na mBallstát le 10 mbliana anuas agus, in ainneoin laghdú measartha ar na ganntanais sin in 2024, go bhfuil siad fós ina mbac lárnach ar tháirgiúlacht agus ar fhás eacnamaíoch. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI go bhféadfaí feabhas mór a chur fós ar dhálaí oibre in earnálacha áirithe, ar thorthaí na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair – mná, oibrithe scothaosta, daoine óga, daoine faoi mhíchumas, daoine ar bheagán oiliúna, agus náisiúnaigh tríú tír ina measc – agus go bhfuil éagothromaíochtaí suntasacha réigiúnacha fós ann laistigh de na Ballstáit.

[1] 80.4 % i gcás na bhfear (méadú 0.5 pointe céatadáin ó 2022) agus 70.2 % i gcás na mban (méadú 1 phointe céatadáin ó 2022).

[2] 5.8 % i gcás na bhfear (laghdú 0.1 pointe céatadáin ó 2022) agus 6.4 % i gcás na mban (laghdú 0.1 phointe céatadáin ó 2022).

3. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI tar éis laghdú suntasach (-3.7 % in 2022 agus -0.2 % in 2023), in 2024, go raibh an meán-fhíorphá san Aontas fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh phaindéim COVID-19 d'ainneoin laghdú leanúnach ar bhoilsciú, agus cé gur tháinig laghdú beag ar bhochtaineacht lucht oibre (ó 8.5 % in 2022 go 8.3 % in 2023), tá an bhochtaineacht fós i bhfad níos airde i measc na ndaoine atá i mbun cineálacha neamhchaighdeánacha oibre. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI, áfach, go ndéanann méaduithe ar phá íosta náisiúnta idir 2023 agus 2024 caillteanas na cumhachta ceannaigh a fhritháireamh den chuid is mó do shaothraithe pá íosta i bhformhór na mBallstát. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI a thábhachtaí atá idirphlé sóisialta láidir agus cómhargáil éifeachtach chun forbairtí ar an bpá a chur chun cinn agus dálaí maithe oibre a chothú. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI gur féidir le pá cothrom dreasachtaí a threisiú chun oibriú agus chun cumhacht cheannaigh a chosaint, go háirithe i gcás saothraithe ar phá íseal, agus an t-iomaíochas á chosaint ag an am céanna.

4. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI go raibh níos mó ná leath na n-oibrithe sealadacha ar na conarthaí sin san Aontas ar bhonn neamhdheonach, in 2023, agus go raibh difríochtaí suntasacha i measc na mBallstát agus gurbh iad na mná agus daoine óga is mó a bhí i gceist. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go bhféadfadh bearnaí i slándáil poist agus i ndálaí oibre a bheith mar thoradh ar thréimhsí fostaíochta ainneonaí sealadaí agus páirtaimseartha, go háirithe nuair a bhíonn rátaí ísle aistrithe i dtreo conarthaí níos buaine ann chomh maith, agus go mbeadh iarmhairtí ag an méid sin freisin maidir le rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach.

5. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI agus imní dá réir uirthi go bhfuil meath ag teacht ar bhunscileanna, go háirithe i measc daltaí agus grúpaí daonra atá faoi mhíbhuntáiste (mar is léir ó staidéir PISA agus PIAAC a rinneadh le déanaí)[3], nach bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach[4], agus nach bhfuil ach dul chun cinn mall déanta maidir le bunscileanna digiteacha. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI, sa chomhthéacs sin, gur gá feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas, ar dheiseanna athscilithe agus uas-scilithe, agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, chomh maith le cáilíocht na ndeiseanna sin, chun cóineasú sóisialta aníos a chothú ar fud na mBallstát agus chun feabhas a chur ar acmhainneacht táirgiúlachta an Aontais i gcomhthéacs dul chun cinn tapa sa teicneolaíocht agus aosú an daonra.

6. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI in ainneoin laghdú beag ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2023, go bhfuil éagothromaíochtaí suntasacha fós ann ar fud na mBallstát agus na réigiún, agus i measc grúpaí daonra, agus tá baol bochtaineachta níos airde fós ann i gcás leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus daoine a rugadh lasmuigh den Aontas. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI agus imní dá réir uirthi go bhfuil méadú tagtha de réir a chéile ar sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó 2019 i leith. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI chun éifeachtacht leanúnach na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe sóisialta a áirithiú mar chobhsaitheoirí maicreacnamaíocha agus mar sciatha ar rioscaí sóisialta, nach mór dul chun cinn a dhéanamh maidir le nuachóiriú na gcóras sin mar fhreagairt ar an dá aistriú, ar threochtaí déimeagrafacha fadtéarmacha agus ar athruithe i saol na hoibre.

---

3 OECD, *Do Adults Have the Skills They Need to Thrive in a Changing World?*:Survey of Adult Skills 2023 [An bhfuil na Scileanna ag Daoine Fásta a Theastaíonn uathu chun a bheith Rathúil i nDomhan atá ag Athrú?: Suirbhé ar Scileanna Daoine Fásta], OECD Skills Studies (Staidéir Scileanna ECFE), OECD Publishing (Foilsitheoireacht ECFE), Páras, 2024. Faighte tar éis fhoilsiú an 10 Nollaig 2024.

4 Eurostat faisnéis ar leith faoi ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón *Adult Eductation Survey* [An Suirbhé um Oideachas Aosach]..

7. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI go bhfuil costais tithíochta fós ina n-ualach airgeadais ar bheagnach leath de theaghlaigh an Aontais agus ina n-ualach trom airgeadais ar bheagnach aon trian de theaghlaigh an Aontais, agus go bhfuil méadú ag teacht ó 2021 i leith ar bhochtaineacht fuinnimh, arna tomhas de réir sciar na ndaoine nach bhfuil in ann teas a choinneáil lena dtithe. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI gurb iad na daoine atá i mbaol bochtaineachta cheana féin is mó atá thíos leis na dúshláin sa dá chás.

8. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI, i bhfianaise an chomhthéacs shocheacnamaíoch thuasluaite, ar an ngá cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos a chothú trí phríomhspriocanna agus spriocanna náisiúnta 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a chur chun cinn, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh ag an am céanna:

- Tá an tAontas ag druidim go gasta i dtreo na sprice maidir le ráta fostaíochta 78 % in 2030 (75.3 % in 2023), agus tá a spriocanna náisiúnta bainte amach ag cúig Bhallstát cheana féin;

- I ndáil leis an sprioc scileanna a bhaint amach go mbeidh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile rannpháirteach in oiliúint gach bliain faoi 2030 san Aontas (39.5 % in 2022), is gá fós tabhairt faoi iarrachtaí suntasacha, go háirithe ós rud é go bhfuil formhór na mBallstát fós chun deiridh agus a spriocanna náisiúnta á saothrú acu;

- Ní mór dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí chun sprioc an Aontais maidir le laghdú bochtaineachta a bhaint amach, is é sin laghdú 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta faoi 2030 (lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad). Ní leor an luas laghdaithe atá ann faoi láthair, eadhon laghdú de thart ar 1.6 milliún a taifeadadh san Aontas idir 2019 agus 2023, chun sprioc an Aontais a bhaint amach, agus tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a bhí i mbaol le linn na tréimhse sin i mbeagnach leath de na Ballstáit.

9. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ról ríthábhachtach atá ag margadh an tsaothair, ag scileanna agus ag beartais shóisialta atá comhleanúnach agus dea-cheaptha chun an fás eacnamaíoch, an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht a spreagadh, mar aon le cuspóirí sóisialta a bhaint amach. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI gur den tábhacht é ceapadh beartais fianaisebhunaithe a neartú chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar na mbeartas i ndáil le fostaíocht agus scileanna chomh maith leis na beartais shóisialta ar an bhfás eacnamaíoch, mar aon leis na héifeachtaí ionchasacha a bheadh ag beartais ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, ar an mbochtaineacht nó ar an eisiamh sóisialta, agus ar neamhionannas.

10. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ról suntasach atá ag cistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa+, chomh maith leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta sna Ballstáit. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go dtacaíonn thart ar aon trian de na garspriocanna agus na spriocanna a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta go díreach le fostaíocht, scileanna agus le bearta an bheartais shóisialta.

11. Á nAITHINT DI torthaí na hanailíse tírshonraí bunaithe ar phrionsabail an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta, i gcomhréir le cuspóirí Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263, foilseoidh an Coimisiún, ina dhiaidh sin, anailís an dara céim níos mionsonraithe do na 10 mBallstát a shainaithnítear sa chéad chéim mar Bhallstáit a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don chóineasú sóisialta aníos.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, na beartais maidir le scileanna agus le margadh an tsaothair, lena gcuirtear foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn, a neartú, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú daoine fásta, chomh maith le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, go háirithe i gcás grúpaí atá faoi ghannionadaíocht. IARRANN SÍ ar na Ballstáit na beartais sin a neartú d'fhonn rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais agus le margadh saothair cuimsitheach agus le sochaí chuimsitheach, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna – trí fhaisnéis agus réamhaisnéis fheabhsaithe scileanna freisin – aistrithe post ardcháilíochta a éascú, agus cruthú post ardcháilíochta a chur chun cinn, i gcomhréir le dinimic athraitheach mhargadh an tsaothair lena n-áirítear dinimic a eascraíonn as an aistriú digiteach agus as an aistriú glas agus, ina theannta sin, as athrú déimeagrafach.

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit dlús a chur le nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta agus feabhas a chur ar rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach inbhuanaithe agus ar sheirbhísí cumasúcháin agus riachtanacha, agus é mar aidhm leis sin rioscaí na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a laghdú, go háirithe i measc leanaí. IARRANN SÍ ar na Ballstáit infhaighteacht tithíochta inacmhainne nó cúnaimh tithíochta a mhéadú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun deireadh a chur leis an easpa dídine.

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit measúnuithe tionchair *ex-ante* agus *ex-post* a dhéanamh go rialta ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus an bheartais shóisialta, lena n-áirítear a dtionchar dáileacháin.

15. IARRANN SÍ ar na Ballstáit torthaí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht a chur san áireamh agus a bPlean Struchtúrach Fioscach Meántéarmach á chur chun feidhme acu agus an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn lena mbaineann á hullmhú acu, i gcomhréir leis an ngá atá le tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta laistigh den Seimeastar Eorpach. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta faireachán a dhéanamh ar ghnéithe fostaíochta agus sóisialta na bPleananna Struchtúracha Fioscacha Meántéarmacha agus na dTuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn agus tuairisciú don Chomhairle.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún staidreamh atá imdhealaithe de réir gnéis a chur i láthair ar bhealach níos córasaí sa togra bliantúil le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, chun na bearnaí inscne atá fós ann a nochtadh agus a dhúnadh de réir a chéile.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, san obair atá ar na bacáin i ndáil leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta, sainaithint na rioscaí agus na ndúshlán a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos a éascú a thuilleadh agus coigeartuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh á mbreithniú ag an am céanna, i gcomhar leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, go háirithe athbhreithniú a dhéanamh ar mhodheolaíocht na hanailíse céadchéime agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh an Scórchláir Shóisialta reatha chomh maith le hualach riaracháin an phróisis a laghdú, mar a léirítear sa mheasúnú a rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta in 2024. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta scrúdú a dhéanamh ar thorthaí anailís an dara céim, d’fhonn an Chomhairle a chur ar an eolas faoi staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas.